Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

## Páipéar 3
## Ardsraith

**[G8206]**

G8206

**DÉ hAOINE 28 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 110 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1(e)** agus **5(a)(i)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir na mionsonraí áirimh a thaispeáint.
Ní mór aonaid a lua i bhfreagraí uimhriúla nuair is cuí.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** **(i)** Cad é atá ag lár an ghrianchórais?

_____________________________ [1]

Ainmnigh an pláinéad:


**(ii)** is cóngaraí do lár an ghrianchórais.

_____________________________ [1]

**(iii)** is faide ar shiúl ó lár an ghrianchórais.

_____________________________ [1]

Sa chianaimsir cuireadh teoiric chun tosaigh le cur síos ar struchtúr an ghrianchórais.



**(b)** Dar leis an teoiric ársa seo, cad é a bhí ag lár an ghrianchórais?

_____________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Is é atá sa chruinne ná líon de réaltraí.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Cad é is réaltra ann?

_______________________________________________ [1]

**(d)** Cén t-ainm atá ar an réaltra againne?

______________________ [1]

**(e)** Luaigh fáth amháin, seachas costas, nár dhócha go rachaidh spásárthach le foireann chuig pláinéad taobh amuigh dár ngrianchóras.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [1]

**(f)** **(i)** Ainmnigh an gás a bhíonn de dhíth le réalta a fhoirmiú.

______________________ [1]

**(ii)** Cén fórsa a tharraingíonn na cáithníní le chéile?

______________________ [1]

**(iii)** Cad é a tharlaíonn do na cáithníní nuair a chomhbhrúitear iad?

______________________ [1]

**(iv)** Ainmnigh an t-imoibriú núicléach a tharlaíonn taobh istigh de réalta.

______________________ [1]

**(v)** Ainmnigh an cineál fuinnimh a scaoileann réalta, agus a thagann a fhad leis an Domhan.

______________________ [1]


**(g)** Ainmnigh an dá theoiric maidir le foirmiú na cruinne.

1. ____________________ 2. ____________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**2 (a)** Tá craein in úsáid le foirceann amháin de bhíoma cruach dar meáchan 900 N a thógáil. Tá meáchan an bhíoma marcáilte ar an léaráid.




Feidhmíonn an chraein fórsa, F, leis an bhíoma cruach a thógáil den talamh.

**(i)** Agus prionsabal na móimintí in úsáid agat, ríomh an fórsa, F, is lú atá de dhíth le foirceann clé an bhíoma a thógáil den talamh.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Fórsa F = ___________ N [4]

**(ii)** Móimint an fhórsa F, cén treo a bhfeidhmíonn an chraein thart ar an mhaighdeog í?


______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(b)** Ceiteal leictreach atá sa léaráid.





**(i)** Tarraing sruth comhiompair ag tosú ag an eilimint téimh agus taispeáin a threo. [2]

**(ii)** Dath lonrach, seachas dath dubh neamhlonrach, atá ar dhromchla seachtrach an chitil. Cad chuige?

________________________________________________

________________________________________________ [2]

Théigh dalta foirceann amháin de shlat ghloine mar a thaispeántar.




**(c)** Comhlánaigh an ráiteas le hiompar na móilíní ag foirceann A a chur i gcomparáid leis na móilíní ag foirceann B.

**(i)** Tá na móilíní ag foirceann A ____________________________

________________________________________________ [1]

**(ii)** Cad é mar a aistrítear an fuinneamh teasa feadh na slaite?

________________________________________________ [1]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Taispeánnann an léaráid luascadán mór a tarraingíodh chuig taobh amháin agus atá á choinneáil ag suíomh A. Taispeánann na poncanna suíomh an luascadáin de réir mar a luascann sé tríd an lárphointe, suíomh B.




**(i)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

De réir mar a bhíonn an luascadán ag luascadh ó shuíomh A go dtí suíomh B, athraíonn fuinneamh poitéinsiúil imtharraingteach ina

fhuinneamh _________________ . [1]

**(ii)** Scaoiltear an luascadán dar mais 3 kg. Agus prionsabal imchoimeád fuinnimh in úsáid agat, ríomh treoluas an luascadáin nuair a shroicheann sé pointe B.


**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Treoluas ag B = ___________ m/s [4]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**3** **(a)** Taispeánann an leáráid (níl sé de réir scála) seo a leanas, tonnta uisce ag gluaiseacht trí uisce domhain.




**(i)** Tá an chuid de thonn **W** de réir mar a théann sí isteach san uisce éadomhain le comhlánú.
Comhlánaigh tonn **W** san uisce éadomhain. [1]

**(ii)** Úsáid an léaráid le tonnfhad na dtonn san uisce domhain a fháil.
Cuimhnigh nach bhfuil an léaráid tarraingthe de réir scála.

Tonnfhad = _______________ cm [1]

**(iii)** Má shroicheann 12 thonn imeall an uisce éadomhain in 2 shoicind, cad é minicíocht na dtonn?

Minicíocht = _______________ Hz [1]

**(iv)** Úsáid na freagraí ar chodanna **(a)(ii)** agus **(a)(iii)** le luas na dtonn in uisce domhain a ríomh.
Scríobh do fhreagra ina cm/s.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Luas = _______________cm/s [3]

**(v)** Cad é a tharlaíonn, má tharlaíonn rud ar bith, do thonnfhad na dtonn uisce de réir mar a théann siad ón uisce domhain isteach san uisce éadomhain?

___________________________________________________ [1]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Anseo thíos tá an imlíne de thonnta uisce.



**(i)** Ar an eangach seo a leanas, tarraing tonnta a bhfuil leathchuid an tonnfhaid agus a dhá oiread aimplitiúide acu.




[2]

**(ii)** Rangaítear tonnta uisce mar thrastonnta.
Luaigh dhá shampla eile de thrastonnta.

1. ___________________ 2. ___________________ [2]

**(c)** Is féidir fadtonnta a léiriú le lingeán *slinky*.



**(i)** Sa bhosca, tarraing an treo a mbogtar foirceann an lingeáin le fadtonnta a dhéanamh. [1]

**(ii)** Luaigh sampla eile d'fhadtonn.

________________ [1]

**(iii)** Cad é a bhíonn á aistriú ag na tonnta agus iad ag bogadh ó chlé go deas?

________________ [1]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |


**(d) (i)** Luaigh an teorainn minicíochta íochtair i gcás éisteacht linbh.

_______________Hz [1]

**(ii)** Cad é a tharlaíonn do theorainn minicíochta uachtair na héisteachta sa tseanaois?

____________________________________________________[1]

**(iii)** Is féidir ultrafhuaim a úsáid le doimhneacht na farraige a fháil. Is é 1500 m/s luas ultrafhuaime san fharraige. Chuir long bíog ultrafhuaime amach a frithchaitheadh ó ghrinneall na farraige ar ais go dtí an long agus ghlac an turas iomlán 0.8 s.




Faigh an fad idir an long agus grinneall na farraige.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Fad = _______________ m [4]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |
| | |


**4** Déanann an solas ó fheadán fluaraiseach scáth de thábla ar an urlár thíos faoi.




**(a)** **(i)** Tarraing ceithre gha, dhá cheann acu ó gach foirceann (A agus B) den fheadán fhluaraiseach lena thaispeáint cad é mar a dhéantar an scáth. [4]

**(ii)** Lipéadaigh leis an litir **P** réigiún ina bhfuil páirtscáth. [1]

Breathnaíonn Liam a bhróga i scáthán.




**(b)** **(i)** Tarraing ga ionsaitheach ó bhior na bróige go dtí an scáthán agus an ga frithchaite ag dul isteach i súil Liam.
Cuimhnigh an normal agus saighdeada a chur isteach le treo na ngathanna a léiriú. [4]

Breathnaíonn Liam a lámh sa scáthán.

**(ii)** Sa chás seo, an mbeidh an ga ionsaitheach níos lú ná, cothrom le nó níos mó ná an ga ionsaitheach dá bhróg?

______________________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(c)** **(i)** Mínigh ina iomláine cad é atá i gceist le spré solais.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Níl an léaráid thíos comhlánaithe, ach taispeánann sé an fearas is féidir a úsáid le spré a léiriú.




**(ii)** Léirigh go beacht le pointe P an áit a dtosaíonn spré. [1]

**(iii)** Léirigh réigiún mar a mbíonn an solas ag gluaiseacht faoi luas níos lú. Lipéadaigh an réigiún leis an litir Q. [1]

**(iv)** Cén treo a mbíonn an solas ag gluaiseacht nuair a thagann sé amach as an phriosma? Roghnaigh ceann de na ráitis seo thíos.

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

Gluaiseann sé feadh an normail ☐

Lúbann sé i dtreo an normail ☐

Lúbann sé ar shiúl ón normal ☐

[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Anseo thíos tá léaráid den speictream leictreamaighnéadach.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gáma-ghathanna | | Gathanna ultrai-vialait | Gathanna infheicthe | Gathanna infri-dhearga | Microa-thonnta | Rada-thonnta |

**(d) (i)** Ainmnigh an ball den speictream leictreamaighnéadach atá ar iarraidh sa bhosca thuas. [1]

**(ii)** Is tonnta leictreamaighnéadacha iad baill uilig an speictrim seo. Luaigh dhá airí eile atá i bpáirt acu uilig.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(iii)** Seachas radathonnta, luaigh dhá réigiún eile den speictream is féidir a úsáid le cumarsáid a dhéanamh.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Nuair a chuimlítear inslitheoirí lé chéile, táirgtear leictreachas statach.

Éiríonn slat phlaisteach luchtaithe go diúltach nuair a chuimlítear le héadach olla í.





**(i)** Mínigh ina iomláine cad chuige a n-éiríonn an tslat phlaisteach luchtaithe go diúltach.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [1]

Úsáidtear spraeghunna i ngaráiste le carr a phéinteáil. Dírítear braonta péinte atá luchtaithe go deimhneach ón spraeghunna ar chabhail an chairr.




**(ii)** Cad chuige a mbogann na braonta péinte atá luchtaithe go deimhneach amach óna chéile nuair a thagann siad amach as an spraeghunna?

______________________________________________ [1]

**(iii)** Ba chóir go mbeadh cabhail an chairr luchtaithe go diúltach. Cad chuige?

______________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(b)** Tá sruth 0.2 A ag sreabhadh trí fhriotóir. Cá mhéad luchta a shreabhann tríd i gcúig **nóiméad**?


Cuimhnigh an t-aonad ceart do lucht a chur isteach.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Lucht = _______________ [4]

**(c)** Rinne dalta imscrúdú ar chomhathrú voltais le sruth i gcás bolgáin. Tá na torthaí anseo thíos.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Voltas ina V** | 0 | 0.1 | 0.3 | 0.5 | 0.8 | 2.0 |
| **Sruth ina mA** | 0 | 10 | 20 | 30 | 40 | 60 |




**(i)** Breac na pointí ar an eangach. [1]

**(ii)** Tarraing cuar réidh trí na pointí. [1]

**(iii)** Úsáid an graf lena fháil amach cad é an sruth ina mhiollaimpéir nuair is é 1.3 V an voltas.

Sruth = _______________ mA [1]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(iv)** Tiontaigh do fhreagra ar **(c)(iii)** ina aimpéir.
Cuimhnigh go bhfuil 1 mA = 0.001A.


Sruth = _______________ A [1]

**(v)** Úsáid do fhreagra ar **(c)(iv)** le friotaíocht an bholgáin a ríomh nuair is é 1.3 V an voltas.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Friotaíocht = _______________ Ω [3]

**(d)** Tá 3 fhiotóir ceangailte idir **X** agus **Y** mar a thaispeántar anseo thíos.




Comhlánaigh an tábla seo a leanas leis an fhriotaíocht iomlán idir **X** agus **Y** a thaispeáint do na socruithe difriúla lasca.

| **Lasc** | | Friotaíocht idir **X** agus **Y** ina Ω |
|---|---|---|
| **A** | **B** | |
| Oscailte | Oscailte | |
| Oscailte | Druidte | |
| Druidte | Oscailte | |
| Druidte | Druidte | |


[4]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**6** Tá Sorcha ag iarraidh lasc dhá bhealach a thógáil sa dóigh gur féidir solas i halla fada a lascadh air nó as ar gach taobh den halla.

Tá Sorcha ag smaoineamh ar an chiorcad seo thíos.





**(a) (i)** Mínigh cad chuige nach n-oibreoidh an ciorcad seo mar lasc dhá bhealach.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

Anseo thíos tá cuid de chiorcad do lasc dhá bhealach. Le go n-oibreoidh an ciorcad seo caithfear bolgán a chur isteach agus an lasc a chomhlánú.




**(ii)** Comhlánaigh an léaráid ciorcaid agus tarraing an bolgán. [2]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Síleann Áine go bhfuil plocóid atá ceangailte dá triomadóir gruaige lochtach, agus baineann sí an clár de, mar sin. Taispeánann an léaráid thíos cad é atá ann.




**(b) (i)** Seachas an clár a bheith bainte de, cén dá locht atá sa phlocóid?

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________ [2]

**(ii)** Cén dá shreang a iompraíonn an sruth céanna nuair a bhíonn an gaireas ag obair mar is gnách?

____________________ agus ____________________ [1]

**(c)** Is gléas sábháilteachta é fiús a oibríonn trí chiorcad neamhiomlán a chruthú.

**(i)** Ainmnigh gléas sábháilteachta eile a oibríonn trí chiorcad neamhiomlán a chruthú.

____________________ [1]

**(ii)** Luaigh dhá dhóigh, seachas costas, a bhfuil an gléas seo níos fearr ná fiús.

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Aistríonn claochladán fuinneamh leictreach ón chorna phríomhúil go dtí an corna tánaisteach.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** **(i)** Cén t-ainm atá ar an phróiseas seo?

_______________________________ [1]

**(ii)** Cén cineál srutha a bhíonn ag sreabhadh i gcornaí claochladáin? Roghnaigh do fhreagra trí thic (✓) a chur sa bhosca cheart.

sruth díreach ☐

sruth ailtéarnach ☐

sruth díreach **nó** sruth ailtéarnach ☐ [1]

Bíonn cineál ar leith de chlaochladán darb ainm claochladán aonraíoch in úsáid i seomra folctha. Sa chlaochladán seo, tá an voltas sa chorna thánaisteach **mar an gcéanna** leis an voltas sa chorna phríomhúil.

**(iii)** Cad é mar atá líon na lúb sa chorna phríomhúil i gcomparáid le líon na lúb sa chorna thánaisteach?

____________________________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Luchtaítear guthán póca ón soláthar príomhlíonra le claochladán. Is é 240 V an soláthar príomhlíonra agus tá 6 V de dhíth leis an ghuthán a luchtú. Tá 200 lúb sa chorna thánaisteach.




**(e)** Ríomh líon na lúb atá sa chorna phríomhúil.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Líon na lúb = _______________ [4]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna | Athmharc

Anseo thíos tá bloclēaráid de chóras tarchurtha leictreachais. Seasann gach ceann de na bloic do chomhpháirt dhifriúil sa chóras tarchurtha.




**(f)** **(i)** Cén chomhpháirt, A, B, C nó D atá ann ar mhaithe le sábháilteacht?

Comhpháirt _______________ [1]

**(ii)** Cén chomhpháirt, A, B, C nó D a bhfuil níos lú lúb sa chorna thánaisteach ná mar atá sa chorna phríomhúil.

Comhpháirt _______________ [1]

**(iii)** Tá sé tábhachtach nach mbeidh ach an chuid is lú leictreachas á chailleadh sna cáblaí leictreacha. Cén chomhpháirt A, B, C nó D a chinntíonn é seo den chuid is mó?

Comhpháirt _______________ [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers